An Roinn Oideachais
Department of Education

Ciorclán 0035/2021

Chuig: Údaráis Bhainistíochta Bunscoileanna, Meánscoileanna, Scoileanna Pobail agus Cuimsitheacha Aitheanta agus Príomhfheidhmeannaigh Bhoird Oideachais agus Oiliúna

Scéim Saoire Tuismitheora do Chúntóirí Riachtanais Speisialta atá Fostaithe i mBunscoileanna agus Iar-Bhunscoileanna Aitheanta

Treoraíonn an tAire Oideachais, de bhun na cumhachta atá in Alt 24 den Acht Oideachais (arna leasú), d'fhostóirí na rialacháin agus na nósanna imeachta a chur i bhfeidhm, mar atá luaite, do Chúntoirí Riachtanais Speisialta (CRSanna) atá fostaithe i bpoist teagaisc atá faofa agus maoinithe ag cistí an Oireachtas.

Caithfidh gach fostóir agus CRS cloí láithreach leis na téarmaí agus coinníollacha comhaontaithe mar atá luaite le héifeacht.

Deimhnigh le do thoil go ndírítear aird gach ball den Bhord Bainistíochta/Bhord Oideachais agus Oiliúna agus gach CRS atá fostaithe agat, lena n-áirítear iad siúd atá ar shaoire neamhláithreachta, ar a bhfuil sa Chiorclán seo.

Ba chóir gach ceist a chur faoi bhráid an fhostóra ar dtús agus d'fhéadfadh go dteastóidh ón bhfostóir dul i gcomhairle lena eagraíocht ionadaíoch. Is féidir aon cheisteanna breise a chur chuig an Roinn ag an seoladh ríomhphoist seo: teachersna@education.gov.ie

Féadfar an Ciorclán seo a rochtain ar láithreán gréasáin na Roinne a www.gov.ie/oideachais.

Clare Butler
Príomhoifigeach
Aonad Téarmaí agus Coinníollacha Múinteoirí/CRS

Sinéad Keenaghan
Príomhoifigeach
Rannán Párolla

11 Meitheamh 2021

Clár ábhair

Sainmhínithe agus Giorrúcháin 3

1. An Scéim Saoire Tuismitheora 5

2. Teidlíocht ar Shaoire Tuismitheora 5

3. Socruithe Pá agus Sochar Tuismitheora 6

4. Nósanna Imeachta Iarratais 6

5. Saoire a Thaifeadadh 6

6. Seiceamh na gCineálacha Saoire 7

7. Stádas le linn Saoire Tuismitheora 7

8. CRS Ionadaíoch 8

9. Fostaíocht le linn Saoire Tuismitheora 8

10. Tosach Saoire Tuismitheora mar gheall ar thinneas clainne luath 8

11. Saoire Tuismitheora Curtha Siar má bhíonn an Dáta Breithe nó Dáta Socrúcháin níos déanaí ná mar a bhíothas ag súil 8

12. Saoire Tuismitheora Curtha Siar toisc an Leanbh san Ospidéal 8

13. Saoire Tuismitheora Curtha Siar ag an bhFostóir 9

14. Teidlíocht do Shaoire Tuismitheora ar Bhás Tuismitheora Ábhartha 9

15. Teidlíocht do Shaoire Tuismitheora ar Bhás Linbh 10

16. Teidlíocht saoire do Cheapachán Téarma Seasta/Feidhm Sheasta 10

17. Comhlíontacht 10

18. Cosaint Sonraí 10

Aguisín A – Foirm Iarratais ar Shaoire do Thuismitheoirí 11

Sainmhínithe agus Giorrúcháin

Chun críocha an Chiorcláin seo, tá leis na téarmaí seo a leanas na bríonna a shanntar dóibh mura gcuirtear a mhalairt in iúl leis an gcomhthéacs:

Lá an tsocrúcháin – ciallaíonn sé an lá a chuirtear leanbh atá uchtaithe, nó atá le huchtú, go fisiceach faoi chúram an tuismitheora ábhartha d'uchtú an linbh nó, i gcás uchtú idir tíortha a tharlaíonn lasmuigh den Stát agus nach raibh an leanbh faoi chúram an tuismitheora uchtála ábhartha roimhe seo, an lá a cuireadh an leanbh faoi chúram éis an uchtaithe.

RCS – ciallaíonn seo An Roinn Coimirce Sóisialaí.

Fostóir – ciallaíonn seo Bord Oideachais Oiliúna (BOO) do ghairmscoileanna/do choláistí pobail agus Bord Bainistíochta/Bainisteoir i gcás bunscoileanna (seachas bunscoileanna pobail), meánscoileanna deonacha, pobalscoileanna agus scoileanna cuimsitheacha. Féadfaidh an BOO nó an Bord Bainistíochta/Bainisteoir freagracht a tharmligean, de réir mar is cuí, maidir le nithe a leagtar amach sa Chiorclán seo.

BOO – ciallaíonn seo an Bord Oideachais agus Oiliúna.

RGCS – ciallaíonn sé an Rialachán Ginearálta maidir le Cosaint Sonraí (RGCS) (Rialachán (AE) 2016/679).

Córas Éileamh Ar Líne (CÉAL) – ciallaíonn seo an córas atá i bhfeidhm faoi láthair i mbunscoileanna, iar-bhunscoileanna deonacha, pobalscoileanna agus scoileanna cuimsitheacha le neamhláithreachtaí a thaifeadadh agus le héileamh a dhéanamh ar íocaíochtaí do CRSanna ionadaíocha agus páirtaimseartha neamhrialta.

Pámháistir - ciallaíonn sé an eagraíocht atá i gceannas ar thuarastail a íoc. Seo í an Roinn Oideachais i gcás CRSanna bunscoileanna (lena n-áirítear scoileanna náisiúnta pobail), iar-bhunscoileanna, scoileanna pobail agus cuimsitheacha deonacha agus na BOOanna i gcás CRSanna gairmscoile/coláiste pobail.

PRSI - ciallaíonn sé Árachas Sóisialta Pá-Choibhneasa.

Uchtálaí Cáilithe – maidir le leanbh atá uchtaithe, nó atá le huchtú, ciallaíonn sé uchtaitheoir cáilitheach, de réir bhrí Acht 1995 (arna leasú leis an Acht um Shaoire Teaghlaigh agus Forálacha Ilghnéitheacha 2021), an linbh agus cuimsíonn sé, chun críocha an Chiorcláin seo, duine a bheadh ina uchtaitheoir cáilitheach ach nach fostaí é nó í.

Scoil Aitheanta – ciallaíonn soil atá aitheanta ag an Roinn Oideachais de réir Alt 10 den Acht Oideachais 1998.

Tuismitheoir Ábhartha – mar atá sainmhínithe ag alt 1.3 agus 1.4 den Chiorclán seo.

Scoilbhliain – mar a shainmhíníonn an tAire Oideachais ó am go ham, faoi láthair ag tosú an 1 Meán Fómhair agus ag críochnú an 31 Lúnasa.

Tuismitheoir Marthanach – ciallaíonn seo tuismitheoir leis an gciall atá san Acht um Shaoire agus Sochar Tuismitheora 2019.

CRS – ciallaíonn Cúntóir Riachtanais Speisa

An Roinn – ciallaíonn An Roinn Oideachais.

Saoire Atharthachta Aistrithe – ciallaíonn sé Saoire Atharthachta aistrithe de réir Alt 15 den Acht um Shaoire Atharthachta, 2016.

Saoire Tuismitheora Aistrithe – ciallaíonn sé Saoire Tuismitheora aistrithe de réir Alt 16 den Acht um Shaoire agus Sochar Tuismitheora, 2019.

1. An Scéim Saoire Tuismitheora

1.1 Rialaítear an Scéim Saoire Tuismitheora leis an Acht um Shaoire agus Sochar Tuismitheora, 2019, arna leasú.

1.2 Tá Saoire Tuismitheora ar fáil don tuismitheoir ábhartha le cur ar a c(h)umas cúram a sholáthar don leanbh, nó cuidiú leis an soláthar.

1.3 Ciallaíonn an téarma tuismitheoir ábhartha maidir le leanbh (faoi réir mhír 1.4 den Chiorclán seo) CRS atá -:

(i) mar thuismitheoir an linbh
(ii) mar chéile, páirtnéir sibhialta nó comhchónaitheoir ag tuismitheoir an linbh
(iii) mar thuismitheoir an linbh faoi alt 5 den Acht um Chaidrimh Leanaí agus Teaghlaigh 2015 más deontóirghinte an leanbh sa chiall atá i gCuid 2 den Acht sin.

1.4 I gcás linbh atá uchtaithe, nó atá le huchtú, ciallaíonn an téarma tuismitheoir ábhartha CRS atá: -

(i) mar uchtaitheoir cáilitheach an linbh, agus
(ii) mar chéile, páirtnéir sibhialta nó comhchónaitheoir, de réir mar is cuí, ag uchtaitheoir cáilitheach an linbh.

2. Teidlíocht ar Shaoire Tuismitheora

2.1 Tá CRS, ar tuismitheoir ábhartha é/í de leanbh a rugadh nó a uchtaíodh, an 1 Samhain 2019 nó ina dhiaidh sin, i dteideal Saoire Tuismitheora 5 seachtaine ar a mhéad.

2.2 Ón 1 Samhain 2019, bhí teidlíocht 2 sheachtain Saoire Tuismitheora ag CRS incháilithe. Ón 1 Aibreán, 2021, tháinig méadú 3 seachtaine eile ar an teidlíocht seo. Má tá CRS tar éis leas a bhaint cheana as a t(h)eidlíocht coicíse, féadfaidh sé/sí iarratas a dhéanamh chuig a f(h)ostóir don 3 seachtaine breise ón 1 Aibreán, 2021 ar choinníoll go gcomhlíontar na critéir incháilitheachta.

2.3 Is féidir an tsaoire seo a thógáil laistigh de 24 mhí ó dháta breithe an linbh nó, i gcás uchtála, lá socrúcháin an linbh ach amháin i gcás iarchuir nuair is féidir an tsaoire a ghlacadh i ndiaidh na tréimhse 24 mhí de réir le alt 12 and alt 13 den Chiorclán seo.

2.4 Is féidir Saoire Tuismitheora a ghlacadh mar thréimhse leanúnach 5 seachtaine (i.e. 35 lá as a chéile lena n-áirítear deireadh seachtaine, dúnadh scoile agus laethanta nach bhfuil CRS ar an amchlár le freastal le linn na tréimhse sin) nó mar mhalairt air sin i mbloic 1 sheachtain ar a laghad suas go 5 seachtaine ar a mhéad. Baineann an riail seo freisin le CRS atá ag postroinnt.

2.5 Má bhíonn breith linbh mar chuid d'ilbhreithe nó má uchtaíonn CRS beirt leanbh nó níos mó ag an am céanna, ní bheidh sé/sí i dteideal Saoire Tuismitheora sa bhreis ar ná 5 seachtaine.

2.6 Ní féidir Saoire Tuismitheora a aistriú idir tuismitheoirí ábhartha, ach i gcás bás tuismitheora dá dtagraítear i mír 14 den Chiorclán seo.

3. Socruithe Pá agus Sochar Tuismitheora

3.1 Ní íocfaidh an Pámháistir luach saothair le linn na tréimhse Saoire Tuismitheora.

3.2 Faoin Acht um Shaoire agus Sochar Tuismitheora, 2019, d'fhéadfadh CRS (lena n-áirítear iad siúd a bhfuil ranníocaíochtaí ÁSPC Aicme A agus Aicme D PRSI á íoc acu) i dteideal Sochar Tuismitheora ón RCS le linn na tréimhse saoire seo.

3.3 Chun leas a bhaint as Sochar Tuismitheora, caithfidh an CRS iarratas ar líne a dhéanamh trí logáil isteach ar https://services.mywelfare.ie/en/topics/parents-children-family/parents-benefit/. Caithfidh an CRS an t-iarratas ar líne seo a chur chuig an RCS 4 seachtaine ar a laghad roimh dháta tosaithe na saoire.

3.4 Ioncam inchánach é íocaíocht Sochar Tuismitheora.

4. Nósanna Imeachta Iarratais

4.1 Ba chóir don CRS iarratas ar Shaoire Tuismitheora a dhéanamh chuig a f(h)ostóir (nó chuig an gcóras BOO ábhartha, más cuí) sé seachtaine ar a laghad roimh an dáta tosaithe beartaithe trí úsáid a bhaint as an bhFoirm Iarratais ag Aguisín A den Chiorclán seo.

4.2 Féadfaidh CRS atá ag cur isteach ar bhloic ar leithligh Saoire Tuismitheora Foirm(eacha) Iarratais ar leithligh a chur isteach (nó ar an gcóras ábhartha BOO, más cuí) mura bhfuil na dátaí ábhartha uile cinnte ag am an iarratais tosaigh.

5. Saoire a Thaifeadadh

5.1 Caithfidh an fostóir gach Saoire Tuismitheora ceadaithe a thaifeadadh go tráthúil ar an gcóras CÉAL/BOO ábhartha mar mura ndéantar amhlaidh d'fhéadfadh ró-íocaíochtaí tuarastail tarlú. Faoin CÉAL, déantar Saoire do Thuismitheoirí a thaifeadadh faoi 'Saoire Teaghlaigh', fo-chatagóir dar teideal 'Saoire Tuismitheora'.

5.2 Má tharlaíonn ró-íocaíocht tuarastail mar thoradh ar CRS a bheith ar Saoire Tuismitheora, déanfar an ró-íocaíocht a aisghabháil go hiomlán ó thuarastal todhchaí an CRS de réir nósanna imeachta foilsithe comhaontaithe na Roinne a bhíonn i bhfeidhm ag an am.

5.3 Is ar an CRS a bhíonn an fhreagracht i ndeireadh báire a chinntiú go bhfuil an fhaisnéis a chuirtear ar fáil ina (h)iarratas ar chead neamhláithreachta cruinn. Ar aon dul leis sin, is ar an bhfostóir a bhíonn an fhreagracht a chinntiú gur ionann an neamhláithreacht saoire ceadaithe a thaifeadtar ar an gcóras CÉAL/BOO ábhartha agus an taifead saoire. Ní bheidh ar chumas na Roinne/ an BOO saoire a thaifeadtar ar an gcóras CÉAL/BOO ábhartha a athrú níos déanaí, ach i gcúinsí rí-eisceachtúla.

6. Seiceamh na gCineálacha Saoire

6.1 Agus an teorainn ama dá dtagraítear i mír 2.2 san áireamh, seo a leanas an t-ord ina gcaithfear cineálacha saoire a thógáil, má bhaintear leas as na cineálacha saoire sin:

a) **Saoire Mháithreachais:** Má bhaineann CRS leas as aon cheann nó gach ceann dá teidlíochtaí Saoire Mháithreachais, mar atá leagtha amach thíos, caithfear glacadh na gcineálacha saoire seo a leanas roimh Shaoire Tuismitheora:-

   i. Saoire Mháithreachais Reachtúil (suas le huasmhéid 26 seachtaine as a chéile)
   ii. Saoire Mháithreachais sínte reachtúil do bhreith roimh am (más cuí)
   iii. Saoire Mháithreachais Neamhíoctha reachtúil breise (suas le 16 seachtaine as a chéile)

b) **Saoire Uchtála:** Má bhaineann CRS leas as aon cheann nó gach ceann dá t(h)eidlíochtaí Saoire Uchtála, mar atá leagtha amach thíos, caithfear na cineálacha saoire seo a leanas a ghlacadh roimh Shaoire Tuismitheora:-

   i. Saoire Uchtála Reachtúil (suas le 24 seachtaine as a chéile)
   ii. Saoire Uchtála Neamhíoctha breise reachtúil (suas le 16 seachtaine as a chéile)

c) **Saoire Atharthachta Aistrithe:** Má bhaineann CRS leas as Saoire Atharthachta aistrithe, caithfear an tsaoire seo a thógáil roimh Shaoire Tuismitheora.

d) **Saoire Athar:** Nuair a bhíonn tuismitheoir marthanach i dteideal cineálacha Saoire Mháithreachais nó Uchtála ar bhás na máthar (faoi na hAchtanna um Shaoire Mháithreachais agus Shaoire Uchtála), caithfear an tsaoire seo a ghlacadh roimh Shaoire Tuismitheora.

e) **Saoire Atharthachta/Tuismitheora:** Má bhaineann CRS leas as Saoire Tuismitheora/Atharthachta, féadfaidh sé/sí Saoire Atharthachta/Tuismitheora a ghlacadh in aon ord is mian leis/léi.

6.2 Caithfear na cineálacha saoire thuas a ghlacadh de réir théarmaí agus choinníollacha foilsithe na Roinne maidir le Scéimeanna Saoire aonair.

7. Stádas le linn Saoire Tuismitheora

7.1 Meastar i gcónaí go bhfuil CRS ar Shaoire Tuismitheora i bhfostaíocht ag an am sin seachas aoisliúntas agus luach saothair. Glactar go hiomlán le Saoire Tuismitheoirí do shinsearacht agus dul chun cinn ar an scála tuarastail incriminteach.

8. CRS Ionadaíoch

8.1 Féadfaidh an fostóir CRS ionaid a cheapadh, a íocfaidh an Pámháistir fad a bhíonn CRS as láthair ar Shaoire Tuismitheora. Caithfidh an fostóir an ceapachán seo a thaifeadadh ar an gcóras CÉAL/BOO ábhartha.

8.2 Ba chóir go mbeadh sé soiléir i gconradh an CRS ionaid go bhféadfadh go gcaithfear deireadh a chur leis an gceapachán má tharlaíonn go bhfilleann an CRS atá ar Shaoire Tuismitheora chuig an ionad oibre níos luaithe ná mar a bhí beartaithe.

9. Fostaíocht le linn Saoire Tuismitheora

9.1 Ní féidir le CRS atá ar Shaoire Tuismitheora a bheith gafa le haon chineál teagaisc nó fostaíochta íoctha eile.

10. Tosach Saoire Tuismitheora mar gheall ar thinneas clainne luath

10.1 Má tharlaíonn an bhreith nó an socrúchán 4 seachtaine nó níos mó roimh an dáta breithe nó lá an tsocrúcháin atá tuartha, cuirfidh an CRS in iúl don fhostóir láithreach agus measfar gur comhlíonadh an tréimhse fógra má tá sé ar intinn aige/aici Saoire Tuismitheora a ghlacadh ag an am sin am. Caithfear an fógra foirmiúil i scríbhinn a thabhairt laistigh de 7 lá ag tosú ar lá na breithe nó lá an tsocrúcháin.

11. Saoire Tuismitheora Curtha Siar má bhíonn an Dáta Breithe nó Dáta Socrúcháin níos déanaí ná mar a bhíothas ag súil

11.1 Ma tharlaíonn an dáta breithe nó lá an tsocrúcháin atá tuartha roimh lá pleanáil na Saoire Tuismitheora, nó má chuirtear siar lá an tsocrúcháin, beidh an CRS i dteideal dáta eile a roghnú ar a dtosóidh an Saoire Tuismitheora, ar choinníoll go mbíonn na dátaí roghnaithe fós laistigh den chreat ama atá leagtha amach ag mír 2.2.

11.2 Caithfear iarratas ar chur siar a dhéanamh i scríbhinn chuig an bhfostóir. Beidh ar an CRS Foirm Iarratais nua a chomhlánú ag Aguisín A maidir leis na dátaí nua-roghnaithe.

12. Saoire Tuismitheora Curtha Siar toisc an Leanbh san Ospidéal

12.1 Má tharlaíonn go gcuirtear an leanbh san ospidéal, féadfar iarratas a dhéanamh chuig an bhfostóir chun an Saoire Tuismitheora a chur siar

12.2 Má chuirtear an Saoire Tuismitheora siar, beidh ar an CRS atá as láthair filleadh ar dhualgais sa scoil le linn na tréimhse iarchuir.

12.3 Caithfear iarratas ar chur siar a dhéanamh i scríbhinn chuig an bhfostóir, in éineacht le deimhniú ón ospidéal ina bhfuil an leanbh. Caithfidh an fostóir an cinneadh a chur in iúl don CRS i scríbhinn a luaithe is féidir. Má chuirtear an tsaoire ar athló, caithfidh an fostóir agus an CRS an dáta a bhfillfear ar an obair a chomhaontú.

12.4 Caithfidh an CRS litir nó doiciméad cuí eile a sholáthar don fhostóir ón ospidéal nó ó dhochtúir an linbh ag deimhniú dáta scaoilte an linbh.

12.5 Caithfear an tsaoire a cuireadh siar a thógáil in aon tréimhse leanúnach amháin ag tosú tráth nach déanaí ná 7 lá tar éis an leanbh a scaoileadh ón ospidéal nó cibé dáta eile a chomhaontaíonn an CRs agus an fostóir. Is é 6 mhí an uastréimhse ar féidir Saoire Tuismitheora a chur siar.

12.6 Má éiríonn an CRs tinn, tar éis dó/di filleadh ar an obair agus sula mbíonn an Saoire Tuismitheora curtha siar aige, measfar gur thosaigh sé/sí an tsaoire a cuireadh siar ar an gcéad lá den neamhláithreacht mar gheall ar bhreoiteacht, mura gcuireann an CRS in iúl don fhostóir nach mian leis/léi tús a chur leis an tsaoire a cuireadh siar. Má tharlaíonn sé seo caillfidh sé/sí an tsaoire a cuireadh siar agus pléifear leis an neamhláithreacht mar Shaoire Bhreoiteachta. Ba cheart cloí ansin leis na gnáthnósanna imeachta maidir le Saoire Bhreoiteachta, lena n-áirítear deimhniú leighis a sholáthar nuair is cuí.

13. Saoire Tuismitheora Curtha Siar ag an bhFostóir

13.1 Má bhíonn an fógra riachtanach tugtha ag CRS go bhfuil sé ar intinn aige/aici leas a bhaint as Saoire Tuismitheora agus go bhfuil an fostóir den tuairim go mbeadh drochthionchar suntasach ar fheidhmiú na scoile dá nglacfaí an saoire ar an dáta tosaithe beartaithe toisc:-

a) deacracht CRS ionaid a fháil do thréimhse na neamhláithreachta
b) athruithe séasúracha
c) aon ghnóthaí ábhartha eile

Caithfidh an fostóir fógra i scríbhinn a sholáthar don CRS tráth nach déanaí ná 4 seachtaine roimh an dáta tosaithe beartaithe, ina dtabharfar gearrchuntas ar na cúiseanna an Saoire Tuismitheora a chur siar. Caithfidh an fostóir cóip den fhógra seo a choinneáil.

13.2 Sula dtabharfar fógra, caithfidh an fostóir dul i gcomhairle leis an CRS faoin Saoire Tuismitheora atá beartaithe a chur siar.

13.3 Ní féidir leis an bhfostóir an tús le Saoire Tuismitheora a chur siar níos faide ná 12 sheachtain tar éis an dáta tosaithe beartaithe, mar a bhíonn luaite san fhógra ábhartha.

13.4 Ní féidir leis an bhfostóir tréimhse Saoire Thuismitheora a chur siar níos mó ná uair amháin.

14. Teidlíocht do Shaoire Tuismitheora ar Bhás Tuismitheora Ábhartha

14.1 I gcás bás tuismitheora ábhartha ar dhul in éag do thréimhse na teidlíochta nó roimhe sin, aistreofar teidlíocht Saoire Tuismitheora, nó aon chuid atá fágtha den teidlíocht sin, chuig an tuismitheoir marthanach..

14.2 Ina leithéid de chúinsí agus i gcás gur CRS an tuismitheoir marthanach, caithfidh sé/sí an méid a leanas a chur in iúl don fhostóir i scríbhinn, tráth

nach déanaí ná 6 seachtaine roimh an lá a thosóidh Saoire an Tuismitheora aistrithe:-

- bás an tuismitheora ábhartha
- go bhfuil sé ar intinn Saoire Tuismitheora aistrithe a thógáil
- fad na saoire a mheasann sé/sí atá ag dul dó/di agus
- má éilíonn an fostóir a leithéid, cóip den deimhniú báis.

15. Teidlíocht do Shaoire Tuismitheora ar Bhás Linbh

15.1 Má tharlaíonn go bhfaigheann an leanbh bás ar dheireadh na tréimhse teidlíochta nó roimhe sin, coimeádann an tuismitheoir ábhartha a t(h)eidlíocht ar Shaoire Tuismitheora.

16. Teidlíocht saoire do Cheapachán Téarma Seasta/Feidhm Sheasta

16.1 Maidir le CRS atá ar chonradh fostaíochta téarma seasta/ feidhm sheasta, beidh teidlíochtaí saoire iomlána Saoire Tuismitheora aige/aici le linn théarma an chonartha. Níor cheart go gcuirfeadh deonú nó glacadh na saoire seo as do cheapachán téarma shocraithe/feidhm sheasta ná d'athnuachan coinne den sórt sin.

17. Comhlíontacht

17.1 Mura gcloítear leis na rialacháin agus na nósanna imeachta atá leagtha amach sa Chiorclán seo feadfar déileáil leis seo faoi nósanna imeachta araíonachta comhaontaithe nó clúdach ionadaíocht do scoileanna a tharraingt siar.

18. Cosaint Sonraí

18.1 Caithfidh an fostóir gach doiciméad a bhaineann le Saoire Tuismitheora a choinneáil leis na taifid phearsanra ábhartha ar bhealach sábháilte agus de réir bheartas cosanta sonraí an fhostóra agus na rialacháin um chosaint sonraí. Féadfaidh oifigigh ainmnithe na Roinne na taifid seo a roghnú lena n-iniúchadh.

Aguisín A – Foirm Iarratais ar Shaoire do Thuismitheoirí

Ba cheart an Fhoirm Iarratais a chomhlánú go hiomlán agus a chur isteach chuig an bhfostóir 6 seachtaine ar a laghad roimh an dáta tosaithe beartaithe. Maidir le hiarratas do thréimhsí ar leithligh Saoire Tuismitheora, féadfaidh an CRS Foirm(eacha) Iarratais ar leithligh a chur isteach, murar socraíodh na dátaí ábhartha uile ag am an iarratais tosaigh.

Cuid 1A – IARRATAS AN CRS

Ainm an CRS: _____ Uimhir Theagmhála: _____

Seoladh Baile: _____

Seoladh Ríomhphoist: _____

USPS: _____

Ainm na Scoile: _____ Uimhir Rolla: _____

CUID 1B – SONRAÍ AN LINBH/NA LEANAÍ

Iarratas ar Shaoire do Thuismitheoirí i leith:

Ainm an Linbh/na Leanaí:	**Dáta Breithe/Lá an tSocrúcháin:**

Na doiciméid atá leis an iarratas seo (cur tic de réir mar is cuí):

□ Teastas Míochaine a léiríonn an dáta breithe a mheastar (más cuí)
□ Teastas Breithe an linbh/na leanaí lena mbaineann
□ Teastas Socrúcháin don leanbh/na leanaí lena mbaineann (i gcás uchtaithe)
□ Dearbhú Incháilitheachta agus Oiriúnachta (i gcás uchtaithe iasachta)

CUID 1C – SONRAÍ SAOIRE AN TUISMITHEORA

Seo a leanas an pátrún Saoire Tuismitheora atá beartaithe (dátaí iniatacha):

Ó _____ chuig _____

Ó _____ chuig _____

Ó _____ chuig _____

Ó _____ chuig _____

Ó _____ chuig _____

Dearbhú
Is mian liom iarratas a dhéanamh ar Shaoire Tuismitheora de réir na Scéime um Shaoire Tuismitheora mar atá leagtha amach i gCiorclán 35/2021 dar teideal '*Scéim Saoire Tuismitheora do Chúntóirí Riachtanais Speisialta (CRSanna) atá Fostaithe i mBunscoileanna agus Iar-Bhunscoileanna Aitheanta'.*

Dearbhaím go bhfuil an t-eolas atá curtha ar fáil san iarratas fíor agus cruinn.

Síniú an CRS: _____ Dáta: _____

Ráiteas Príobháideachta maidir le Cosaint Sonraí

Is é an príomhchuspóir go n-éilíonn an Roinn ort na sonraí pearsanta seo a thabhairt do d'fhostóir ná chun cabhrú le d'iarratas ar Shaoire Tuismitheora a phróiseáil. Coinneoidh d'fhostóir d'fhoirm iarratais agus do dhoiciméid tionlacain i gcomhréir lena bheartas Cosanta Sonraí. Beidh tuilleadh faisnéise maidir leis an mbeartas sin ar fáil ach í a iarraidh ó d'fhostóir.

Is féidir an Fógra Príobháideachta ina dtugtar tuilleadh faisnéise maidir leis an bhfoirm iarratais seo a fháil ag: https://www.gov.ie/ga/bailiuchan/rgcs-gdpr-fograi-priobhaideachta/ Tá mionsonraí iomlána faoi bheartas Cosanta Sonraí na Roinne, áit a leagtar amach an dóigh a n-úsáidfimid do shonraí pearsanta agus a dtugtar faisnéis maidir leis na cearta atá agat mar ábhar sonra, ar fáil ag https://www.gov.ie/ga/eolas-eagraiochtai/cosaint-sonrai/. Tá mionsonraí faoin mbeartas sin ar fáil i gcóip chrua ach iad a iarraidh ó An Rannán Téarmaí agus Coinníollacha - Múinteoirí agus Cúntóirí Riachtanas Speisialta, An Roinn Oideachais, Corr na Madadh, Baile Átha Luain, Co. na hIarmhí, N37 X659.

CUID 3 – CINNEADH AN FHOSTÓRA

Dearbhaím gur cheadaigh/dhiúltaigh mé (scrios mar is cuí) an t-iarratas ar Shaoire Tuismitheora de réir Scéim Saoire Tuismitheora mar atá leagtha amach i gCiorclán) 0035/2021 dar teideal '*Scéim Saoire Tuismitheora do Chúntóirí Riachtanais Speisialta atá Fostaithe i mBunscoileanna agus Iar-Bhunscoileanna Aitheanta'.* Coimeádfar na doiciméid seo a leanas chun críocha iniúchta*:*

1) An t-Iarratas ar Shaoire Tuismitheora ☐
2) Cóip den Teastas Breithe/Fianaise ar Dháta Uchtaithe/Ordú Uchtaithe don leanbh ábhartha ☐
3) Cóip den Doiciméad Deimhnithe a eisíodh chuig an CRS ☐
4) Cóip den Fhógra Cinnidh a eisíodh chuig an CRS ☐

Tá an ceadú Saoire Tuismitheora taifeadta ar an CÉAL/BOO ábhartha ☐

Síniú: _____ Dáta: _____
(Fostóir)

NÍOR chóir Foirm Iarratais/Doiciméid Thacaíochta a chur chuig an Roinn Oideachais. Ba chóir iad a choinneáil sa scoil/BOO le haon doiciméid ábhartha eile chun críocha taifead agus iniúchta leis na taifid phearsanra ábhartha.